



An Bhruiséil, 28 Samhain 2025  
(OR. en)

16141/25

<b>UEM 608</b>	<b>RECH 528</b>
<b>ECOFIN 1646</b>	<b>ENER 637</b>
<b>SOC 820</b>	<b>JAI 1817</b>
<b>EMPL 538</b>	<b>GENDER 206</b>
<b>COMPET 1264</b>	<b>ANTIDISCRIM 122</b>
<b>ENV 1304</b>	<b>JEUN 246</b>
<b>EDUC 481</b>	<b>SAN 789</b>
<b>ECB</b>	<b>EIB</b>

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Samhain 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 956 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh 2026 arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 956 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 956 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

Strasbourg, 25.11.2025  
COM(2025) 956 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,  
CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS  
SÓISIALTA NA hEORPA**

**Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh 2026**

**arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011  
maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú**

{SWD(2025) 900 final} - {SWD(2025) 956 final}

# TEACHTAIREACHT I NDÁIL LEIS AN TUARASCÁIL MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH

**Sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, sainithnítear Ballstáit a measann an Coimisiún go bhféadfadh míchothromaíochtaí difear a dhéanamh dóibh, nó go bhféadfadh sé go bhfuil an baol ann go ndéanfaidh míchothromaíochtaí difear dóibh, bunaithe ar léamh eacnamaíoch scórchlár an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.** Tá léamh eacnamaíoch an scórchláir bunaithe ar na sonraí olltoraidh le haghaidh 2024 (Graf 1). Déantar léirmhíniú ar na sonraí sin ar bhealach réamhbhreathnaitheach, agus forbairtí eacnamaíocha agus réamhaisnéisí eacnamaíocha le linn na bliana (2025) le haghaidh 2025, 2026 agus 2027 ó réamhaisnéis an fhómhair 2025 ón gCoimisiún á gcur san áireamh, i gcás inarb ábhartha (Graf 2). Cuirtear i láthair sa teachtaireacht seo léamh eacnamaíoch an scórchláir, agus sna hiarscríbhinní a ghabhann léi tá cur i láthair breise ar fhorbairtí ábhartha sonraí <sup>1</sup>. An tráth céanna, sa Tuarascáil Mhaicreacnamaíoch Eorpach <sup>2</sup> — a foilsíodh i mbliana den chéad uair — tugtar anailís ar na forbairtí níos leithne maidir leis na leochaileachtaí agus na míchothromaíochtaí i ngeilleagair an Aontais agus a Bhallstát, agus ar an gcaoi sin cuirtear na forbairtí tíre a ndearnadh suirbhé orthu faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha i gcomhthéacs níos leithne.

**Tá an geilleagar domhanda ag dul i ngleic le hathruithe struchtúracha agus leibhéal níos airde éiginnteachta beartais, rud a fhágann go bhfuil timpeallacht sheachtrach an Aontais dúshlánach.** Le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as bacainní trádála mar uirlisí beartais gheopholaitiúil agus thionsclaíoch, agus tá na taraifí allmhairiúcháin a ghearrann na Stáit Aontaithe méadaithe go mór acu le bliain anuas. Tá an geilleagar domhanda á choigeartú faoi láthair mar gheall ar an ord nua sin, rud a dhéanann difear do shreafaí trádála agus do rátaí malairte. Thairis sin, leanann an tréimhse éiginnteachta sin sraith teagmhas eacnamaíoch suaite, rud ba chúis le boilsciú agus a d'fhág go raibh rátaí úis níos airde ná mar a bhí sna blianta roimhe sin. Mar gheall ar na teagmhais gheopholaitiúla sin, tá méadú tagtha freisin ar an ngá atá ann don Aontas a chaiteachas cosanta a mhéadú sna blianta amach romhainn, chun tacú le neamhspleáchas geostraitéiseach an Aontais.

<sup>1</sup> Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, SWD(2025) 956; Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Iarscríbhinn staidrimh a ghabhann le Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, SWD(2025) 900

<sup>2</sup> Is é is aidhm don Tuarascáil Mhaicreacnamaíoch Eorpach bonn eolais a chur faoi roghanna beartais straitéisigh chun an limistéar euro agus athléimneacht an Aontais a neartú i bhfianaise ord domhanda atá ag athrú go tapa agus is éard atá inti measúnú ar leochaileachtaí eacnamaíocha san Aontas. Tuarascáil Mhaicreacnamaíoch Eorpach 2026, SWD(2025) 957.

**Cé go bhfuil an boilsciú ag cúlú san Aontas ina iomláine, tá brúnna boilsitheacha fós ard i roinnt Ballstát, rud a léiríonn go páirteach forbairtí dinimiciúla pá.** Tar éis an bhuaicphointe a sroicheadh in 2022-23, tá laghdú tagtha ar an mboilsciú ar fud an Aontais. Ó bhí 2024 ann, tá an ráta boilsithe do thomhaltóirí cobhsaithe anois san Aontas ag thart ar 2,5 %. Tá laghdú tagtha freisin ar an díbhóilsceoir OTI, rud atá ina léiriú ar bhrúnna costais intíre, cé gur laghdú níos moille atá ann. D’ainneoin na ndálaí deacra eacnamaíocha le blianta beaga anuas, tá teacht aniar sa mhargadh saothair. Tá an ráta dífhostaíochta níos ísle ná riamh agus tá rátaí arda fostaíochta ann. Ba bheag nár dúnadh an bhearna phá i dtéarmaí réadacha i gcomparáid leis na leibhéil phá a bhí ann in 2019 ar an meán, ach bhí ilchineálacht shuntasach ann ar fud na mBallstát, agus taifeadadh méaduithe suntasacha ar fhíorphá i dtíortha áirithe agus laghduithe i dtíortha eile fós. Sna Ballstáit ina bhfuil an boilsciú fós ard i gcoibhneas leis na meáin stairiúla agus i mBallstáit eile an Aontais nó an limistéir euro, is mór an tionchar a bhí ag na leibhéil phá i bhformhór cásanna. Le déanaí, áfach, tá táscairí ann i margaí saothair a thugann le fios go bhfuil an tionchar sin ag maolú, rud is dócha a thacóidh le brúnna pá a mhaolú de réir a chéile.

**Mar gheall ar mhaolú an bhoilsithe sa limistéir euro, bhíothas in ann an beartas airgeadaíochta a mhaolú go mór, agus d’fhan costais iasachtaíochta rialtais cobhsaí ar an iomlán i bhformhór cásanna.** Mar thoradh ar mhaolú an bheartais airgeadaíochta, tá dálaí maoiniúcháin níos fabhraí ann don earnáil príobháideach. Tá laghdú ag teacht ar rátaí iasachta bairc ó bhí 2024 ann agus tá méadú ag teacht go mall ar iasachtaíocht na hearnála príobháidí. I gcás na hearnála rialtais, is beag athrú atá tagtha ar thorthaí bannaí rialtais fadtéarmacha le linn 2024 agus 2025, rud a chuireann le méadú ar mheánchostas an fhiachais, agus a bhraitheann freisin ar an struchtúr fiachais agus ar an easnamh rialtais agus na leibhéil fiachais ar fud na mBallstát.

### **An t-ionchas maidir le míchothromaíochtaí**

**Is léiriú é barrachas seachtrach leanúnach an limistéir euro agus an Aontais ar mhíchothromaíocht ainsealach idir coigilteas agus infheistíocht, rud a bhaineann an bonn d’acmhainneacht fáis fhadtéarmach an Aontais.** Le linn 2024, tháinig méadú ar chuntas reatha an limistéir euro/an Aontais, rud a léiríonn laghdú ar infheistíocht in éineacht le coigilteas cobhsaí. Maidir leis an laghdú ar infheistíocht, i bhfianaise costais mhaoiniúcháin agus éiginnteacht eacnamaíochta atá fós ard, déanann an laghdú sin difear do chumas an Aontais fás a chothú agus réimsí criticiúla amhail an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú go gilleagar glas a mhaoiniú, chomh maith le hullmhacht cosanta na hEorpa a neartú. An tráth céanna, tá laghdú tagtha ar bharrachas chuntas reatha an limistéir euro/an Aontais i gcomparáid leis an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim agus tá méadú tagtha ar bharrachas chuntas reatha na Síne agus tá méadú tagtha ar easnamh chuntas reatha na Stát Aontaithe, rud a fhágann go bhfuil laghdú tagtha ar ranníocaíocht an limistéir euro/an Aontais le míchothromaíochtaí domhanda.

**Ar leibhéal na mBallstát, tá barrachais agus easnaimh cuntais reatha ann, agus tá rioscaí sonracha ag baint le gach cás.** Tá méadú breise tagtha le déanaí ar bharrachais

mhóra cuntais reatha roinnt Ballstát, arb é ba chúis leis sin an t-éileamh laghdaithe. Mar thoradh ar roinnt blianta de bharrachais, tá cuid mhór glansócmhainní carntha, rud a fhágann go bhfuil na Ballstáit sin neamhchosanta ar luaineachtaí eacnamaíocha domhanda amhail airgeadra, rioscaí luachála agus éiginnteacht maidir le beartas trádála. I gcomhthráth leis sin, tá easnaimh sheachtracha fós sách mór i roinnt Ballstát. Cé gur éirigh leo a gcóimheas idir fiachas seachtrach agus OTI a laghdú le blianta beaga anuas mar gheall ar fhás ainmniúil ard, tá deireadh ag teacht leis an díghiaráil éighníomhach sin i gcomhthéacs brúnna boilscitheacha níos ísle. Is leochaileacht é spleáchas mór ar shreafaí maoinithe sheachtraigh i gcás ina dtagann méadú ar bhraistint riosca a n-airgeadaithe.

**Mar thoradh ar na méaduithe éagsúla ar phraghsanna agus ar chostais le 5 bliana anuas, tá meath tagtha ar iomaíochas costais i roinnt Ballstát, agus tá moill ar chóineasú eacnamaíoch i gcásanna áirithe.** I roinnt Ballstát, tá an éagsúlacht sin á coinneáil ar bun mar gheall ar phraghsanna agus costais atá ag dul i méid. Mar sin féin, níl aon rud a thabharfadh le fios gur tháinig meath díréireach ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin na mBallstát ar tháinig an meath ba mhó ar iomaíochas costais iontu. Cé go bhféadfadh difreálaigh bhoilscithe níos airde teacht chun cinn mar thoradh ar chóineasú eacnamaíoch, is fiú a thabhairt faoi deara gur cosúil go bhfuil moill ar chóineasú eacnamaíoch i roinnt de na Ballstáit ar tháinig an meath ab airde ar iomaíochas costais iontu – go háirithe an tSeicia agus an Eastóin agus, ar bhonn níos lú, an Laitvia.

**Taifeadadh leibhéal ioncain atá ag dul i méid agus fiacha atá ag laghdú do theaghlach, ach tá laghdú tagtha ar bhrabúsacht chorparáideach agus ar acmhainneacht seirbhísithe fiachais.** Ba mhó ná 2 % an fás ar an bhfíorioncam indiúscartha teaghlach in 2024, agus tá laghdú 7 % tagtha ar dhliteanais airgeadais i dtéarmaí réadacha ó bhí 2019 ann. Is é is cúis den chuid is mó leis an gcreimeadh fiachais sin an tréimhse bhoilscithe aird a bhí ann le déanaí, ar tréimhse í atá tagtha chun deiridh anois. Cé gur tháinig laghdú ar an bhféichiúnas corparáideach in 2024, tháinig méadú ar leochaileachtaí corparáideacha de réir mar a tháinig laghdú ar chumas gnólachtaí a bhfiachas a sheirbhísiú. Tá a gcúlchistí airgid á n-úsáid ag gnólachtaí, ar cistí iad a charn siad le linn na paindéime agus na tréimhse ardbhrabúis a tháinig díreach ina diaidh, agus tá laghdú tagtha ar a maoláin.

**Ó thaobh an rialtais de, tá an fiachas os cionn an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim ar an iomlán mar gheall ar easnaimh arda, d'ainneoin éifeachtaí láidre ainmneora a bhaineann le fás ainmniúil ard agus le riachtanais láidre infheistíochta atá ar na bacáin.** Ní bheidh na héifeachtaí ainmneora sin chomh láidir céanna amach anseo, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos deacra an díghiaráil a bhaint amach. Thairis sin, ní léir go fóill an tionchar a bheidh ag rátaí úis níos airde i gcoibhneas leis an tréimhse roimh 2022, agus an fiachas fós á thar-rolladh ag rátaí níos airde, rud a mhéadaíonn íocaíochtaí úis. Tagann na híocaíochtaí úis níos airde sin sa bhreis ar an ngá atá le catagóirí ríthábhachtacha áirithe de chaiteachas a mhéadú, amhail caiteachas ar chosaint nó caiteachas a bhaineann le haosú, agus le hinfheistíocht phoiblí a mhaoiniú, rud a chruthaíonn dúshláin láidre maidir le beartais fhioscacha i roinnt mhaith Ballstát.

**Is ábhar inní eacnamaíoch atá ag dul i méid ar fud an Aontais iad praghsanna arda tithe.** Tar éis sos le linn 2022-23, tá méadú láidir ag teacht ar phraghsanna tithe arís, ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar an éileamh agus go bhfuil an soláthar maolaithe. Is dúshlán eacnamaíoch agus sóisialta iad praghsanna arda tithe ar fud líon méadaitheach Ballstát, agus i gcásanna áirithe tá méadú láidir ag teacht ar phraghsanna le blianta anuas. Cé go laghdaítear an riosca don earnáil baincéireachta agus an riosca go mbeadh ceartú tobann san earnáil mar gheall ar iasachtaíocht mhorgáiste theoranta agus gníomhaíocht tógála theoranta, is rudaí iad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'inacmhainneacht tithíochta do theaghlaigh, soghluaisteacht an lucht saothair a laghdú agus, ar an iomlán, tionchar a imirt ar iomaíochas réigiúnach agus náisiúnta. Go sonrach, is iad na réigiúin ina bhfuil an táirgiúlacht is airde, amhail príomhchathracha, is mó atá buailte ag an neamh-inacmhainneacht tithíochta, agus bíonn tionchar aici den chuid is mó ar chohóirt níos óige. Fágann sé sin go mbíonn sé níos deacra an soláthar saothair a dhul in oiriúint don éileamh, agus go mbíonn níos lú leanaí ag daoine óga, rud a chuireann leis an mbrú déimeagrafach fadtéarmach. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar thomhaltas freisin mar gheall ar phraghsanna arda tithe toisc go mbíonn sciartha níos airde ioncaim tiomnaithe do chostais tithíochta.

**Tá an earnáil baincéireachta athléimneach, ach tá an earnáil airgeadais neamhbhainc ag leathnú le blianta beaga anuas agus d'fhéadfadh sí a bheith ina foinse leochaileachta, agus tá rioscaí nua ag teacht chun cinn.** Tá earnáil baincéireachta an limistéir euro agus an Aontais fós athléimneach, agus coinníonn sí brabúsacht ard agus cóimheasa caipitil láidre ar bun. Mar sin féin, is foinse leochaileachta í go fóill an neamhchosaint ar réadmhaoin agus ar cheannasaithe, agus tá brú ar an earnáil eastáit réadaigh tráchtála fós. An tráth céanna, maidir leis an earnáil idirghabhálaithe airgeadais neamhbhainc, ar earnáil í a leathnaigh go tapa le blianta beaga anuas, tá sí neamhchosanta ar rioscaí sonracha agus is foinse leochaileachta í idirnasctha na hearnála sin leis an earnáil baincéireachta. Ar deireadh, tá earnáil airgeadais an Aontais faoi réir rioscaí nua ar deacair iad a chainníochtú. Áirítear leis sin cibear-rioscaí, chomh maith leis an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le cripteashócmhainní agus a n-idirnasctha leis an earnáil airgeadais.

### **Conclúidí tírshonracha agus faireachas leantach**

**In 2026, ullmhófar grinn-athbhreithnithe do na seacht mBallstát a sainaitníodh mar Bhallstáit a raibh míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha iontu in earrach 2025.** Tugtar forléargas san iarscríbhinn a ghabhann leis an teachtaireacht seo ar éabhlóid na bpríomhshonraí is cúis leis na míchothromaíochtaí sin. Déanfar measúnú eacnamaíoch i ngrinn-athbhreithnithe 2026 atá le foilsiú le linn an chéad leatha de 2026 maidir le cibé acu atá na míchothromaíochtaí sin ag géarú, á gceartú, nó ceartaithe, d'fhonn na measúnuithe atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus measúnú a dhéanamh ar na riachtanais bheartais a d'fhéadfadh a bheith ann go fóill. Is amhlaidh a bheidh sé i gcás na Gréige, na hIodáile, na hUngáire, na hÍsiltíre, na Rómáine, na Slóvaice agus na Sualainne.

**I gcás na mBallstát eile, ní gá Grinn-Athbhreithnithe a dhéanamh ag an bpointe seo.**


I gcás roinnt Ballstát, baintear de thátal as léamh eacnamaíoch an scórchláir nach bhfuil gá le haon ghrinn-athbhreithniú, ach gur fiú aird a thabhairt ar roinnt forbairtí. Sa **Bhulgáir**, tá praghsanna tithe ag méadú go láidir in éineacht le fás láidir ar iasachtaíocht teaghlaigh, agus is riosca a bhaineann le brúnna praghsanna iad na méaduithe leanúnacha an-láidir ar chostais saothair in aghaidh an aonaid táirgthe. An tráth céanna, tá an staid sheachtrach fós sláintiúil d'ainneoin meath beag, rud a mhaolaíonn rioscaí in éineacht leis an bpróiseas leanúnach cóineasaithe ainmniúil. Bhí **an Eastóin** faoi réir grinn-athbhreithniú in earrach na bliana seo agus níor aimsíodh aon mhíchothromaíocht. Mar sin féin, is ann fós do chailteanais iomaíochais costais agus tá méadú gan choinne tagtha ar dhifreálacha boilscithe *vis-à-vis* an limistéar euro in 2025, mar aon le sos nó deireadh leis an gcóineasú eacnamaíoch. Tháinig a lán athruithe ar phraghsanna tithe agus ar fhás creidmheasa freisin. Níor taifeadadh ach easnaimh mheasartha sa chuntas reatha, ach d'fhéadfadh méadú teacht orthu sin nuair a thiocfaidh méadú ar an éileamh. Sa **Chróit**, is fadhb iad brúnna praghsanna agus forbairtí iomaíochais costais. Thairis sin, tá méadú suntasach tagtha ar phraghsanna tithe agus tá iasachtú bainc chun tithe a cheannach buacach, rud a fhágann gur gá faireachán a dhéanamh. Taifeadadh ceann de na méaduithe carnacha is mó ar phraghsanna san Aontas le blianta beaga anuas sa **Laitvia** agus tá an fás ar chostais saothair in aghaidh an aonaid táirgthe fós ard, fiú má tá an fás sin ag moilliú. Tá brúnna praghsanna ag cur isteach ar iomaíochas costais, rud a d'fhéadfadh, in éineacht leis an timpeallacht sheachtrach lag, cur le laghdú ar onnmhairí.

Graf 1: Táscarí scórchlár na Tuarascála maidir leis an Sársa Foláirimh in 2024, de réir Ballstáit

Curtas reatha	Shadghlan-símbailíocht na dtáscarí	REER	Fedmióicé creidimhíocháin
CSAT ainmniúil	Scórchlár		Praghsanna tithí
Fiachas teaghlaigh	Sreabhach creidimheasa teaghlaigh	Fiachas coparáideach neamhagairis	Riata gníomhaíochta
Sreabhach creidimheasa coparáideach neamhagairis	Fiachas rialtais	Dífhostaíocht	
11.5%	69.0%	-0.9%	8.9%
11.6%	An Danmhairg		3.5%
85.8%	0.6%		115.5%
5.8%	30.5%	6.2%	2.8%
-8.2%	-137.5%	0.8%	6.9%
7.6%	An Ghréig		9.0%
39.0%	0.2%		55.5%
10.4%	154.2%	10.1%	3.2%
-0.2%	14.9%	0.0%	-0.8%
8.5%	An Iodáil		3.2%
36.0%	0.6%		56.0%
-1.6%	134.9%	6.5%	2.1%
5.5%	39.4%	-2.4%	-15.9%
24.2%	Lucsamburg		-5.2%
61.6%	1.2%		271.6%
-1.7%	26.3%	6.4%	1.3%
0.6%	23.9%	2.4%	-4.1%
19.6%	An Ostair		-0.4%
42.8%	-0.4%		69.5%
0.8%	79.9%	5.2%	1.0%
2.8%	9.9%	1.1%	-0.4%
20.4%	An tSlovén		7.5%
24.2%	6.8%		32.3%
-2.7%	56.6%	3.7%	0.9%
-0.7%	58.6%	1.6%	-13.9%
15.1%	An Bheilg		3.2%
56.3%	2.4%		94.8%
5.0%	103.9%	5.7%	1.1%
5.0%	79.7%	1.6%	-9.3%
17.9%	An Ghearmáin		-1.5%
49.7%	0.6%		58.9%
1.4%	62.2%	3.4%	1.5%
2.1%	-41.0%	-0.7%	12.5%
11.4%	An Spáinn		8.5%
43.7%	1.3%		63.4%
2.3%	101.6%	11.4%	0.9%
-0.7%	58.6%	1.6%	-13.9%
15.1%	An Bheilg		3.2%
56.3%	2.4%		94.8%
5.0%	103.9%	5.7%	1.1%
-1.7%	-4.4%	7.3%	6.3%
37.7%	An Bhulgáir		16.5%
25.6%	21.1%		45.9%
7.5%	23.8%	4.2%	1.7%
-1.9%	-9.7%	16.0%	-4.3%
40.4%	An Eastóin		6.1%
38.1%	8.0%		58.3%
9.2%	23.5%	7.6%	3.1%
-0.8%	-23.0%	-1.1%	0.2%
11.4%	An Fhrainc		-3.7%
60.5%	0.2%		90.7%
1.5%	113.2%	7.4%	1.5%
-1.0%	-7.1%	14.4%	1.3%
20.3%	An tSeicé		5.0%
30.6%	3.7%		47.2%
9.5%	43.3%	2.6%	0.9%
10.7%	-81.4%	-1.8%	5.2%
20.6%	Éire		8.5%
23.8%	1.8%		90.9%
-0.8%	38.3%	4.3%	3.3%
-1.9%	-29.6%	5.4%	17.5%
31.8%	An Chrót		10.4%
30.2%	10.9%		41.8%
5.3%	57.4%	5.0%	2.9%
-0.6%	-0.7%	9.2%	2.8%
36.2%	An Lituia		9.7%
21.9%	10.5%		30.5%
8.5%	38.0%	7.1%	1.3%
-2.5%	-34.2%	7.3%	0.3%
47.6%	An Ungáir		13.7%
17.1%	9.9%		56.3%
3.1%	73.5%	4.5%	2.3%
-3.6%	-19.7%	9.6%	-2.9%
32.2%	An Laitvia		4.2%
19.4%	8.3%		36.0%
5.7%	46.6%	6.9%	0.9%
4.2%	83.9%	1.5%	13.6%
13.6%	Málta		6.7%
46.8%	8.1%		61.0%
4.4%	46.2%	3.1%	5.0%
8.4%	62.1%	3.3%	-4.6%
18.3%	An Ítáil		8.2%
93.2%	3.8%		108.6%
-1.4%	43.7%	3.7%	1.8%
-0.1%	-28.3%	17.5%	5.8%
30.7%	An Pholainn		15.0%
22.7%	3.3%		31.2%
5.6%	55.1%	2.9%	1.8%
0.2%	-58.3%	0.6%	17.3%
17.9%	An Phortaingéil		9.1%
52.5%	4.0%		66.3%
1.9%	93.6%	6.5%	3.2%
-8.1%	-41.3%	9.7%	2.0%
51.0%	An Rómáin		5.0%
12.5%	10.9%		27.7%
10.1%	54.8%	5.4%	1.8%
-5.8%	-55.0%	8.3%	-4.5%
23.3%	An tSlovac		3.8%
43.3%	4.3%		39.2%
-1.3%	24.7%	-1.9%	-7.5%
10.7%	An Fhionlainn		-3.1%
63.9%	-0.3%		78.3%
0.9%	82.5%	8.4%	0.6%
5.2%	67.4%	-9.7%	-4.9%
15.6%	an tSualainn		0.1%
83.6%	1.6%		116.9%
-1.6%	34.0%	8.4%	1.2%

Foinse: Eurostat agus an Coimisiún Eorpach.

Graf 2: Líon na mBallstát a bhfuil athróa scórchláir lastall den tairseach á dtaifeadadh acu



Maidir le líon na mBallstát a dhéanfaidh athróa scórchláir lastall de thairseacha ábhartha a thairseach i mbliain áirithe, léirítear leis sin sonraí ó scoithdháta 2026 na Tuarascála maidir leis an Sásra Foláirimh (an 31 Deireadh Fómhair 2025). Le hathbhreithnithe sonraí *ex-post* a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht i líon na luachanna lastall de thairseacha a ríomhtar agus úsáid á baint as sonraí roimhe seo le haghaidh athróa an scórchláir, mar a fhoilsítear in eagrán roimhe sin den Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh. \* Níl sonraí ar fáil maidir le comhiomláin limistéir euro agus an Aontais thar thréimhse na réamhaisnéise.

**Foinse:** Réamhaisnéisí Eurostat agus an Choimisiún Eorpach.

## Léamh téamach earnáilsonrach ar fhorbairtí eacnamaíocha in 2024

- In 2024, **tháinig méadú ar chuntais reatha i mbeagnach gach Ballstát.** D’fhill comharduithe trádála ar an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim, de réir mar a thit praghsanna fuinnimh a thuilleadh agus a lean an t-éileamh de bheith lag. Mar thoradh ar laghdú ar phríomhchomharduithe, maolaíodh an méadú ar an gcuntas reatha foriomlán, agus níor tháinig laghdú ar phríomhchomharduithe ach i líon beag Ballstát, rud a léiríonn oibríochtaí eintiteas sainchuspóireach de ghnáth, ar eintitis iad ag a mbíonn naisc láidre airgeadais trasteorann ach naisc theoranta le gilleagair intíre na mBallstát. Ar an iomlán, leanann cuntais reatha de bheith faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim ar leibhéal an limistéir euro agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus i gcás fhormhór na mBallstát. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás na Rómáine agus roinnt Ballstát mór is féichiúnaithe amhail an Ghréig agus an Chipir. Os a choinne sin, tá cuntais reatha ag Ballstáit mhóra eile is féichiúnaithe amhail an Phortaingéil agus an Spáinn atá níos láidre ná mar a bhí roimh an bpaindéim agus a bhfuil barrachas iontu freisin. Ar an taobh eile, tá barrachais arda fós ann go ginearálta, agus i gcásanna áirithe tháinig méadú mór orthu. Is amhlaidh atá go príomha i gcás na mBallstát ina léiríonn na sonraí ábharthacht thar a bheith ard na bhfiontar ilnáisiúnta nó na n-eintiteas sainchuspóireach, nó ról na mBallstát sin mar lárionaid maoinithe idirnáisiúnta. In 2025 go dtí seo, tá laghduithe beaga ag teacht ar an gcomhardú trádála agus ar an gcuntas reatha araon mar thoradh ar fheabhsú an éilimh intíre de réir a chéile, d’ainneoin an fheabhsaithe leanúnaigh i dtéarmaí trádála. I gcomparáid leis an tréimhse roimh an bpaindéim, tá athrú tagtha ar iasachtú agus iasachtaíocht earnálacha éagsúla an gheilleagair. Cé gur mhéadaigh rialtais a nglaniasachtaíocht, mhéadaigh an earnáil phríobháideach a glaniasachtú. In 2024 amháin, ba é an t-athrú ba mhó a tharla an méadú ar ghlanchoigilteas earnáil na dteaghlach, rud atá anois ar leibhéal níos airde ná riamh.
- Tháinig laghdú mór ar na **mórstaideanna glana seachtracha diúltacha stoic** den dara bliain as a chéile in 2024. Is ann don fheabhsú sin mar thoradh ar an dá chuntas reatha dhearfacha, mar aon le héifeacht ainmneora atá treisithe mar gheall ar bhoilsciú láidir. I bhformhór na gcásanna, tháinig tuilleadh laghduithe as éifeachtaí láidre luachála, rud a léiríonn athruithe ar an ráta malairte. Tháinig méadú tobann ar **mhórstaideanna glana seachtracha dearfacha** freisin. Cé gur lean éifeacht an ainmneora de bheith ag tacú leis an laghdú ar an staid stoic, bhí a héifeacht níos lú ná mar a bhí le blianta beaga anuas, agus ní raibh sí chomh substaintiúil céanna leis an tionchar méadaitheach a bhí ag cuntais reatha an-dearfach. Ar an iomlán, rinneadh athchothromú éigin ar **staideanna seachtracha laistigh den limistéir euro**, d’ainneoin an mhéadaithe mhóir ar staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta na mBallstát is creidiúnaithe. Is é is cúis leis sin go príomha gur tháinig fás níos tapa ar na Ballstáit a bhfuil earnáil mhór turasóireachta acu — a mbíonn mórstaideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta diúltacha acu de ghnáth — i gcomparáid leis na Ballstáit dianmhonaraíochta, agus go bhfuil ról ag téarmaí fabhracha trádála freisin. Mar sin féin, meastar gur mó an difear a bheidh ann idir na staideanna stoic mar gheall ar an mbearna leanúnach idir comharduithe na n-íocaíochtaí ar chuntais reatha, ós rud é go meastar go dtiocfaidh moill ar fhás ó 2025 ar aghaidh.

- Bhí fás mór ar **chostais saothair in aghaidh an aonaid táirgthe** arís in 2024, ach tháinig laghdú air i gcoibhneas le 2023 ar an iomlán agus i gcás fhormhór na mBallstát. In 2024, ba é ba phríomhchúis leis an bhfás ar chostais saothair in aghaidh an aonaid táirgthe méaduithe ar phá, a bhí de bheis ar an ráta boilscithe, agus ní raibh ach éifeacht bheag fritháirimh ag an táirgiúlacht, rud nárbh amhlaidh i ngach Ballstát fiú. Is ann fós do dhifríochtaí suntasacha i dtaca leis an bhfás ar chostais saothair in aghaidh an aonaid táirgthe ó Bhallstát go chéile. I roinnt Ballstát, tháinig méaduithe níos láidre ar chostais saothair in aghaidh an aonaid táirgthe mar thoradh ar tháirgiúlacht a bhí ag laghdú. In 2025, meastar go mbeidh leibhéal phá beagán níos airde ná leibhéal 2019 i dtéarmaí réadacha faoi dheireadh. Bhí roinnt comharthaí le feiceáil i roinnt geilleagar de chuid an Aontais a thugann le fios go maolú ar na bacáin, arb é sin an tús le méaduithe pá níos measartha amach anseo. Mar sin féin, cé go meastar go dtiocfaidh moill ar mhéaduithe pá, réamh-mheastar go bhfanfaidh siad ard i dtéarmaí ainmniúla, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil méaduithe móra carntha cheana féin ar chostais agus ar phraghsanna le linn na tréimhse 2019-2024.
- In 2024, tháinig luachmhéadú ar an euro ar an iomlán, mar a tháinig ar airgeadraí uile an Aontais seachas koruna na Seicia agus forint na hUngáire. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar **fhíor-rátaí malairte iarbhír** foriomlána an Aontais agus an limistéir euro, d'ainneoin go raibh boilsciú níos ísle ann i gcomparáid le príomh-chomhpháirtithe trádála an Aontais. I gcás na mBallstát amhail an Bheilg an Eastóin agus an Rómáin, chuir difreálaigh bhoilscithe leis an luachmhéadú ar fhíor-rátaí malairte iarbhír; i bhformhór na mBallstát eile, maolaíodh go páirteach an luachmhéadú ar fhíor-rátaí malairte iarbhír mar gheall ar an mboilsciú. Tá difríochtaí níos substaintiúla laistigh den Aontas le feiceáil nuair a bhreathnaítear ar fhíor-rátaí malairte iarbhír arna dtagarmharcáil ag costais saothair in aghaidh an aonaid táirgthe. I roinnt Ballstát ina bhfuil fás ard ar chostais saothair in aghaidh an aonaid táirgthe, tháinig luachmhéadú os cionn 5 % orthu, d'ainneoin gur tháinig dímheas beag orthu san Aontas ina iomláine.
- Tháinig laghdú ar chóimheas an Aontais **idir fiachas corparáideach agus OTI** den cheathrú bliain as a chéile in 2024, cé gur tháinig méadú ar an gcóimheas fiachais in aon trian de Bhallstáit an Aontais — ó leibhéal ísle i bhformhór na gcásanna. Shroich an cóimheas fiachais comhiomlán an luach is ísle le beagnach fiche bliain anuas. Tháinig moill ar luas na díghiarála de réir mar a thit an boilsciú, rud a laghdaigh éifeacht an ainmneora a bhí fós ina príomhspreagthóir don laghdú mar sin féin. I roinnt Ballstát, chuir glansreafaí creidmheasa diúltacha leis an laghdú ar chóimheasa fiachais freisin. Ar an iomlán, bhí sreafaí creidmheasa chuig contrapháirtithe neamhairgeadais fós maolaithe, tar éis titim ghéar in 2023, ach tugann sonraí a foilsíodh le déanaí le fios go bhfuil siad ag téarnamh. Tháinig laghdú ar an infheistíocht chorparáideach i dtéarmaí réadacha in 2024. Cé gur tháinig laghdú ar an bhféichiúnas corparáideach in 2024, tháinig méadú ar leochaileachtaí corparáideacha de réir mar a tháinig laghdú ar chumas gnólachtaí a bhfiachas a sheirbhísiú. Tháinig laghdú ar choigilteas corparáideach agus lean cóimheasa cumhdaigh úis gnólachtaí de bheith ag laghdú, mar gheall ar mhéadú ar ualaí úis agus ar an laghdú ar bhrabúis a tharla le linn 2023 agus 2024. Le déanaí, thosaigh costais

iasachtaíochta ag laghdú ón mbuaicphointe a shroich siad tar éis na paindéime, rud a léiríonn go dtiocfaidh feabhas ar acmhainneacht seirbhísithe fiachais go luath amach anseo. In 2025, tá tuilleadh moillithe ag teacht ar an díghiaráil, de réir mar a thagann méadú mall ar shreafaí creidmheasa, rud a ghabhann le téarnamh de réir a chéile — ach téarnamh mall — san infheistíocht chorporáideach.

- Tháinig borradh arís faoi **phraghsanna tithe** i bhformhór Bhallstáit an Aontais, tar éis athdhaingniú trí ghearradh siar a thosaigh go déanach in 2022 leis an méadú ar rátaí úis. I roinnt Ballstát, áfach, bhí an moilliú in 2023 fós teoranta, agus tá méaduithe carnacha os cionn 15 % nó fiú 20 % tagtha ar phraghsanna tithe le 2 bhliain anuas. Is sna Ballstáit inar measadh go raibh praghsanna gar do luach cóir nó tearcluacháilte a chonacthas an méadú ba mhó ar phraghsanna in 2024. Os a choinne sin, i roinnt Ballstát ina ndearnadh ró-luacháil mhór ar phraghsanna i bhformhór na gcásanna, lean praghsanna de bheith ag titim in 2024. Le teacht ar ais foriomlán na méaduithe ar phraghsanna, bhí téarnamh in idirbhearta. Mar gheall ar an easpa infheistíochta sa tithíocht, rud a bhí íseal ar an iomlán le 10 mbliana anuas agus ar thit an bonn as ó bhí 2022 ann, agus a raibh laghdú géar ar cheadanna tógála ag gabháil leis, spreagtar an fhreagairt soláthair an-mhaolaithe don éileamh ar thithíocht. Mar thoradh ar an soláthar srianta leanúnach, is féidir coinne a bheith leis go leanfaidh praghsanna tithe de bheith ag ardú go suntasach.
- Mar a tharla le blianta beaga anuas, tháinig laghdú ar **chóimheasa fiachais teaghlaigh** arís in 2024, tháinig laghdú orthu i bhformhór na mBallstát agus shroich siad leibhéil ísle nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. In 2024, tháinig moill ar an ráta laghdaithe i gcomparáid leis na blianta beaga anuas, de réir mar a tháinig laghdú ar éifeacht an ainmneora, agus tháinig méadú beag ar shreafaí creidmheasa, tar éis an laghdaithe ghéir a tháinig orthu in 2023, cé gur tháinig a lán athruithe ar leibhéil iasachtaíochta i roinnt Ballstát le blianta beaga anuas. I gcás na dteaghlach, bhí ioncam ag dul i méid agus tháinig méadú ar shócmhainní airgeadais, agus tá laghdú ag teacht ar fhiacha, rud a thacaíonn lena gcumas rátaí úis níos airde a sheirbhísiú, ar rátaí iad atá fós gar dá mbuachphointí a sroicheadh le déanaí d'ainneoin roinnt laghduithe a theacht orthu. Tá cláir chomhardaithe teaghlaigh an Aontais fós láidir ar an iomlán. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil staid ghlan dhearfach maidir le hionstraimí úsmhara ag earnáil na dteaghlach ar bhonn comhiomlán agus, mar sin, tagann an méadú ar íocaíochtaí úis i gcomhráth le méadú níos láidre fós ar fháltais úis, rud lena mbaineann rannchuidiú foriomlán atá beag ach dearfach le hioncam indiúscartha. In 2024, sháraigh fíorluach shócmhainní airgeadais na dteaghlach an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim, agus tháinig laghdú ar dhliteanais airgeadais.
- Bhí fás láidir OTI ainmniúil ina thacú leis an gcobhsú i gcóimheasa **fiachais rialtais** in 2024, d'ainneoin easnaimh rialtais nach beag a bheith ann. D'ainneoin na laghduithe a tháinig air idir 2021 agus 2023 den chuid is mó, tá an cóimheas fiachais rialtais fós ard san Aontas agus sa limistéar euro, agus tá sé os cionn leibhéal 2019 ar an iomlán. In 2025 agus 2026, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar na cóimheasa fiachais i bhformhór na mBallstát, agus i gcás an limistéir euro agus an Aontais ina iomláine. Is amhlaidh atá toisc

go bhfuil an difreálach ráta fáis úis ag cúngú, nó fiú ag éirí dearfach, agus go bhfuil easnaimh fós suntasach i roinnt Ballstát. Mar sin féin, tá roinnt Ballstát a bhfuil fiachas ard acu — ach ní iad ar fad — tar éis a mbeartas fioscach a ghéarú le blianta beaga anuas agus tá iarmhéideanna dearfacha buiséid acu. I gcás roinnt Ballstát lasmuigh den limistéar euro ina n-ainmnítear sciartha sách mór d'iasachtaíocht agus fiachas rialtais in airgeadraí eachtracha, is féidir le héagsúlachtaí i rátaí malairte cur leis na costais a bhaineann le hiasachtaíocht agus fiachas.

- Ar an iomlán, bhí **earnáil airgeadais** an limistéir euro agus an Aontais fós athléimneach in 2024, agus choinnigh sí brabúsacht ard agus cóimheasa caipitil láidre ar bun. Bhí an toradh comhiomlán ar chothromas a bhí ag institiúidí creidmheasa an limistéir euro agus an Aontais fós ard in 2024, ós rud é gur cúitíodh corrlaigh úis níos ísle le táillí agus coimisiúin níos airde, agus chobhsaigh cóimheas caipitil de ghnáthchothromas leibhéal 1 institiúidí creidmheasa an limistéir euro agus an Aontais ar leibhéal arda. Bhí cáilíocht sócmhainní bhainc an limistéir euro agus an Aontais cobhsaí, cé go bhféadfadh meath beag a bheith ar siúl. Tháinig méadú beag ar chóimheas comhiomlán iasachtaí neamhthuillmheacha institiúidí creidmheasa an limistéir euro agus an Aontais le linn 2024, ach tá sé fós íseal ag 2 %. Ar leibhéal na tíre, is sna Ballstáit ina bhfuil leibhéal ísle iasachtaí neamhthuillmheacha a bhí an chuid is mó de na méaduithe ar iasachtaí neamhthuillmheacha agus, an tráth céanna, tháinig laghdú ar chóimheasa iasachtaí neamhthuillmheacha sna Ballstáit ina bhfuil níos mó iasachtaí neamhthuillmheacha oidhreachta. Tá méadú beag tagtha ar an sciar d'iasachtaí chéim 2. Is leochaileacht fós í neamhchosaint an chórais baincéireachta ar réadmhaoin agus ar cheannasaithe, agus tá an dá dheighleog sin freagrach as leath de shócmhainní na mbanc. Mar gheall ar neamhchosaint ard na hearnála baincéireachta ar fhiachas ceannasach intíre, méadaítear na rioscaí a bhaineann le fáinní fí sna Ballstáit a bhfuil fiacha móra acu nó atá ag brath ar chistiú airgeadra eachtraigh. Lasmuigh den earnáil baincéireachta, maidir leis an earnáil idirghabhálaithe airgeadais neamhbhainc, ar earnáil í a leathnaigh go tapa le blianta beaga anuas, tá sí neamhchosanta ar rioscaí sonracha agus is foinse leochaileachta í idirnascthacht na hearnála sin leis an earnáil baincéireachta. Thairis sin, tá neamhchosaintí suntasacha ag an earnáil baincéireachta agus ag an earnáil idirghabhálaithe airgeadais neamhbhainc araon ar an earnáil eastáit réadaigh tráchtála, atá fós faoi bhrú.